An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh: Lámhleabhar Abhcóideachta

Saoránaigh a chumhachtú a bheith gníomhach san AE

Clár na n-ábhar

Léargas gairid: Fáilte chuig Lámhleabhar Abhcóideachta an Tionscnaimh ó na saoránaigh 2
Cén fáth a bhfuil an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ann? 3
Conas a chuirtear daoine ar an eolas faoi Thionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh? 3
Príomhdhátaí ó thaobh cumarsáid faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh de 4
Príomhtheachtaireachtaí faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh 5
Uirlisí agus ábhair chun an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a chur chun cinn 6
- Lógó 7
- GIFanna 7
- Ríomhphóstaer 7
- Físeáin 8
- Cóipeanna samplacha le haghaidh na meán sóisialta 9
- Quizeanna 10
- Cárta poist 10
- Meirgí le haghaidh suíomhanna gréasáin 11
- Bileog eolais ghinearálta 12
- Treoir faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh 13
- Do mhúinteoirí agus daoine óga: An bosca uirlisí ‘An difear a dhéanann Daonlathas an Aontais’ 13
- Acmhainní eile 14

Tuilleadh eolais 15

Léargas gairid: Fáilte chuig Lámhleabhar Abhcóideachta an Tionscnaimh ó na saoránaigh

Is uirlis daonlathais uathúil é an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh lenar féidir saoránaigh den Aontas Eorpach as Ballstáit éagsúla a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach (CE) athruithe reachtacha a bheartú i leith ceisteanna a dhéanann difear dóibh.

Tá an ceart ag gach saoránach den Aontas páirt a ghlacadh sa daonlathas Eorpach. Féadfaidh saoránaigh den Aontas tionscnaimh ó na saoránaigh a shíniú nó a dtionscnamh féin a chur ar bun.

Chun tionscnamh ó na saoránaigh a sheoladh ní mór 7 saoránach den Aontas atá ina gcónaí i 7 mBallstát éagsúla ar a laghad é a mholadh de shaoránaigh atá sean go leor chun vótáil i dtoghcháin an Aontais.

Roghnaíonn siad topaic ar cás leo í in aon réimse ina bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún Eorpach reachtaíocht a bheartú agus togra a chur isteach. Seiceálann an Coimisiún inghlacthacht an smaoinimh ó thaobh an dlí de agus cinneann sé an gcláróidh sé an tionscnamh.

Má chláraítear an tionscnamh postáiltear é ar shuíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpach ó na Saoránaigh, aistrítear é isteach sna teangacha AE uile agus is féidir leis na heagraithe tosú ar shínithe a bhailiú. Bíonn aon bhliain amháin acu le 1 mhilliún síniú fíoraithe a bhailiú, rud a léiríonn gur cás le hEorpaigh eile an smaoineamh chomh maith. Má bhailítear líon leormhaith sínithe, beidh cruinniú ag ionadaithe ardleibhéil an Choimisiúin leis na heagraithe agus, tar éis éisteacht phoiblí a reáchtáil Parlaimint na hEorpa, cinnfidh siad cé na bearta leantacha atá le déanamh, má bhíonn aon bheart leantach i gceist.

Ba cheart an tionscnamh a bheith i gcomhréir le luachanna an Aontais agus leis na cearta atá faoi chosaint i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Féadfaidh saoránaigh den Aontas ar mian leo tionscnamh a thosú dul i gcomhairle le Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh chun eolas praiticiúil agus comhairle a fháil faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Tá tuilleadh eolais le fáil ar shuíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh.

Ó bhí 2012 ann thosaigh thar ar 1 000 saoránach den Aontas breis agus 100 tionscnamh ó shaoránaigh an Aontais, agus bhailigh siad beagnach 20 milliún síniú ar fud an Aontais. Tá freagra ón gCoimisiún faighte cheana féin ag deich dtionscnamh ar éirigh leo agus táthar ag bailiú sínithe le haghaidh roinnt tionscnamh. Tá siad le fáil anseo.

Tar éis duit an lámh leabhar sin a léamh:

- Beidh a fhios agat cén fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach sin saoránaigh a chur ar an eolas faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh
- Tiocfaidh tú ar uirlisí agus ábhair a chuideoidh leat an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a thuiscint

- Beidh tú réidh leis an scéala a scaipeadh faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh – téigh i bpáirt linn agus cuir an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh chun cinn le do ghuth féin.

Cén fáth a bhfuil an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ann?

Cuireann an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh an deis ar fáil do shaoránaigh an Aontais páirt a ghlacadh go díreach i bpróiseas daonlathach an Aontais agus tugann sé cead cainte dóibh ó thaobh bheartais an Aontais de.

Ós rud é gur saoránaigh den Aontas sibh, tá luacha coiteanna againn, agus, má táimid inár gcónaí i dtíortha éagsúla féin, is féidir go mbeidh an-spéis againn sna saincheisteanna céanna. Leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, féadfaidh saoránaigh dul i bpáirt le daoine eile as gach cearn den Aontas chun teacht le chéile faoi shaincheist ar cás leo, díospóireacht a thosú agus tionchar a imirt ar bheartais an Aontais.

Conas a chuirtear daoine ar an eolas faoi Thionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh?

Is mian linn go mbeidh a mhéid daoine is féidir ar an eolas faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh agus go mbeidh siad in ann é a úsáid chun na cúiseanna ar cás leo a chur chun cinn, agus tá na saoránaigh sa cheantar seo agatsa san áireamh sa mhéid sin!

Tá na smaointe seo a leanas ina ngníomhaíochtaí is fusa a ionchorprú sna gníomhaíochtaí de chuid d'eagraíochta atá ar bun cheana féin:

- Alt gearr, agallamh nó teachtaireacht bhlag i leith an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a chur ar do shuíomh gréasáin nó isteach i do nuachtlitir. Is féidir ábhar spreagtha a fháil ón eolas i nuachtlitir an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh agus é a athúsáid. Féadfaidh tú smaoineamh ar eagraithe Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh nó Ambasadóirí an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a thabhairt isteach sa scéal.
- Físeán a fhoilsiú, agus fotheidil leo i do theanga féin, lena mínítear conas a oibríonn an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh agus ina gcuirtear béim ar phríomhbhuntáistí an tionscnaimh ar do shuíomh gréasáin agus do chainéil meán sóisialta.
- Cainéil meán sóisialta a úsáid chun roinnt teachtaireachtaí a scaipeadh faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, agus ábhair réamhdhéanta a úsáid iontu. Ná déan dearmad haischlib an fheachtais a úsáid: **#EUTakeTheInitiative.** Is féidir leat aon scéala faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a athphostáil ar ghrúpa Facebook oifigiúil an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh. Tá foireann an Tionscnaimh Eorpaigh ó na

Saoránaigh réidh le haon ábhar atá ar fáil a roinnt leat chun go ndéanfar an cur chun cinn go paiteanta. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a chur chugainn ina bhfuil d'iarratas agus beimid réidh le cuidiú leat!

- Splanc nuachta a chruthú ar do shuíomh gréasáin gach uair a chlárófar tionscnamh nua nó a thosófar ag bailiú sínithe le haghaidh tionscnaimh.
- Cuir meirge i leith an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh ar do shuíomh gréasáin.
- Cuir eolas faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh isteach in imeachtaí a óstálann d'eagraíocht agus iarr ábhar clóite chun é a úsáid agus a dháileadh. Tá an t-ábhar clóite ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais agus is féidir é a sheoladh chugat saor in aisce.
- Má oibríonn tú le meánscoileanna nó le grúpaí daoine óga, úsáid an bosca uirlisí oideachasúla dar teideal Daonlathas an Aontais i mbun Gníomhaíochta le haghaidh foghlaim agus obair ghrúpa spreagúil.

Príomhdhátaí ó thaobh cumarsáid faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh de

1 Aibreán	Cothrom an lae a tháinig an Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh i bhfeidhm
Mí an Mhárta	Imeacht lae i leith an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh (dátaí éagsúla ó bhliain go bliain, coinnigh bord ar bord leis an scéal le nuachtlitir nó suíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh)
9 Bealtaine	Lá na hEorpa (ócáid mhaith chun daoine a spreagadh le tionscnaimh ó na saoránaigh a shíniú)
15 Meán Fómhair	Lá Idirnáisiúnta an Daonlathais (ócáid mhaith chun daoine a spreagadh le tionscnaimh ó na saoránaigh a shíniú)
Cur i gcuimhne le linn na bliana scoile	Cuir chun cinn bosca uirlisí oideachasúla an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh

Príomhtheachtaireachtaí faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

Cuir daoine ar an eolas faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh mar mheicníocht le haghaidh rannpháirtíocht sa tsochaí shibhialta. Spreag iad le fáil amach faoi na tionscnaimh atá ar oscailt agus leis na tionscnaimh a bhfuil siad ar a shon a shíniú. Is féidir leat na habairtí réamh-ullmhaithe seo a úsáid chun na tionscnaimh i do líonra a chur chun cinn nó chun iad a oiriúnú, de réir mar is ábhartha. Ná déan dearmad íomhá de chuid an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh ón suíomh gréasáin a úsáid.

Nuair a fhiafraíonn daoine...	Féadfaidh tú a rá...
'Céard atá i gceist leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh?'	Is uirlis rannpháirtíochta é an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh lena dtugtar an ceart do shaoránaigh an Aontais tionchar a imirt ar bheartais de chuid an Aontais a dhéanann difear dóibh, trí smaointe a chur chun cinn faoi dhlíthe nua. • Tá an ceart ag saoránaigh an Aontais aon tionscnamh ó na hEorpaigh atá ar oscailt a shíniú nó ceann a thosú le daoine eile. • Is féidir le grúpa ina bhfuil seachtar saoránach den Aontas athrú a mholadh is mian leo a fheiceáil san Aontas, ansin beidh 1 bhliain acu chun 1 mhilliún síniú tacaíochta a bhailiú. • Má bhailítear 1 mhilliún síniú, beidh cruinniú ag an ngrúpa eagraithe le reachtóirí agus gheobhaidh sé freagra oifigiúil ón gCoimisiún Eorpach.
'Cén fáth a mbeadh spéis agam sa Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh?'	Tarraingíonn an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh aird lucht déanta beartas an Aontais ar **smaointe nua**. Tugann an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh duitse agus do shaoránaigh eile den Aontas an **ceart gníomhaíocht a dhéanamh faoi shaincheisteanna ar cás leat iad**, agus is féidir leatsa cuidiú leis na heagraithe trí thacú lena smaointe. Tionchar a imirt trí tionscnaimh a bhfuil tú ar a son a shíniú.
'Conas is féidir liom páirt a ghlacadh sa Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh?'	Ós saoránach den Aontas thú, is féidir leat: • Tionscnamh atá ar bun a shíniú • Tacú le tionscnamh (am a thabhairt, cur chun cinn, etc.) • Tús a chur le tionscnamh nua • feasacht a mhúscailt faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh
'Cad is féidir a bhaint amach trí thacú leis Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh?'	Cuidíonn an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh le cúiseanna ar cás leat iad a thabhairt go leibhéal an Aontais. • Tús a chur le díospóireacht • Feasacht a mhéadú • Athrú i leith beartas a spreagadh san Aontas

	Má eagraíonn tú tionscnamh ó na saoránaigh cuideoidh sé leat scileanna cumarsáide, caibidlíochta, abhcóideachta, etc., a fheabhsú agus méadóidh sé do líonra.
'Cén tionchar a bhí ag an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh go dtí seo? Samplaí Ratha'	A bhuí leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh... • Tá rochtain ar uisce óil glan cosanta san Aontas (Right2Water) • Tá próisis údaraithe táirgí a mbaineann bia leo, ar nós lotnaidicídí, breiseán nó ábhair phacáistithe. trédhearcach; tá deireadh le staidéir thionsclaíocha rúnda. (Cuirtear toirmeasc ar an ngliofosáit) • Tuilleadh díospóireachtaí faoi bheartais atá le teacht (mar shampla, Cosc ar fhaireachas bithmhéadrach, Ithreacha slána) • Tá plean ann chun an tástáil ar ainmhithe sa taighde a laghdú, oideachas agus oiliúint (Sábháiltear Cosmaidí Neamhchruálacha) • Gheall an Coimisiún go seolfadh sé measúnú tionchar faoin toirmeasc ar iompórtáil agus easpórtáil eití scaoilte siorcanna (Cuirtear deireadh leis an eite-theascadh – Cuirtear deireadh leis an trádáil)

Tá tuilleadh eolais faoi thionscnaimh ó na saoránaigh a fuair freagra ón gCoimisiún le fáil ar 'Scéalta Ratha' ar Fhóram an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.

Uirlisí agus ábhair chun an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a chur chun cinn

Sa roinn thíos tá uirlisí agus ábhair éagsúla le fáil chun an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a mhíniú/léiriú. Is féidir féachaint ar ábhair ar líne, agus tá cuid acu ar fáil ina mbileoga ábharacha.

Tá foireann an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh réidh le hábhair chlóite a sheoladh chugat ar iarratas uait. Cuir in iúl: ainm an ábhair/na n-ábhar is mian leat a dháileadh, an teanga a theastaíonn, an chainníocht, na sonraí seachadta agus uimhir fóin an duine teagmhála, agus an sprioc-am is fearr chun an t-ábhar a fháil.

Seol d'iarratas chuig: SG-ECI-COMMUNICATION@ec.europa.eu

Lógó

Más mian leat postáil faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, téigh i dteagmháil le foireann an Tionscnaimh Eorpach ó na Saoránaigh agus iarr lógó oifigiúil an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh (i do theanga féin) le ríomhphost:
SG-ECI-COMMUNICATION@ec.europa.eu.

GIFanna

Tá GIFanna (formáid le haghaidh comhad a thacaíonn le híomhánna stataca agus beoite araon) le fáil i ngach ceann de theangacha an Aontais agus is féidir iad a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí cur chun cinn. Tá spraoi ag baint leo, cuireann siad eolas ar fáil agus is furasta iad a úsáid. Is féidir GIFanna éagsúla a íoslódáil i do theanga féin faoinroinn meán cumarsáide.

Ríomhphóstaer

Tá an póstaer seo deartha le haghaidh scáileáin dhigiteacha (ar scáileán teilifíse, i bhfoirgnimh phobail nó ag stad bus, mar shampla). Is féidir é a chur i gcló chomh maith.

Físeáin

Tá roinnt físeán ann ar féidir iad a íoslódáil chun feasacht faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a mhéadú. Íoslódáil iad anseo.

Físeán faoi Ambasadóir an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh (2024) – ar fáil ó mhí na Samhna 2024 amach



An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh: Do cheart mar shaoránach den Aontas Eorpach (2022)

Tá an ceart ag Saoránaigh den Aontas páirt a ghlacadh i ndaonlathas na hEorpa leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Tá míniú san fhíseán seo faoi conas is féidir le saoránaigh páirt a ghlacadh i múnlú thodhchaí an Aontais trí tionscnamh a sheoladh nó a shíniú (leagan fada agus leagan gearr).

Céard atá i gceist leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh? Tionscain an tionscnamh (2018)

An bhfuil a fhios agat conas dul i ngleic le dúshlán Eorpach? An síleann tú nach bhfuil do ghuth féin ard a dhóthain chun éisteach a fháil leis féin? Leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh is féidir leat dul i bpáirt le hEorpaigh eile, tograí nithiúla a dhéanamh agus tacú le moltaí nithiúla i réimsí de chumhachtaí an Choimisiúin Eorpaigh.

Cad is féidir a bhaint amach leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh? (2021)

Sainmhíniú ó cheathrar eagraithe tionscnaimh ar a dtionscnamh Eorpach ó na saoránaigh le haon fhocal amháin.

1:49 leagan fada | 0:15 leagan gearr |

Cén chumhacht atá agat? (2018)

Beochan tharraingteach lena méadaítear feasacht faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.

Cá mhéad Eorpach is gá...? (2018)

Físeán gearr (23 shoicind) ina bhfuil tagairt ghrinn, chun an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a chur chun cinn. Leid: Clibeáil cara le cúis ar cás leat é.

Cóipeanna samplacha le haghaidh na meán sóisialta

Meabhrúchán: úsáid an haischlib #EUTakeTheInitiative (a úsáidtear i mBéarla i gcónaí; ní aistrítear é)

Déan deimhin de go mbeidh hipearnasc ann chuig cuid de shuíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpach ó na Saoránaigh (oiriúnaithe do do theanga féin) - molaimid an leathanach baile nó an leathanach 'Tionscnamh a aimsiú'.

Chun íomhánna samplacha a fháil, téigh chuig roinn le haghaidh na meán sóisialta ar shuíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh.

Príomhtheacht aireacht	Téacs samplach le haghaidh na postála/an eolais atá le tabhairt (1 phointe urchair = 1 smaoineamh faoi phostáil)
Méadú feasachta ginearálta	• Fógra do gach saoránach den Aontas Eorpach! Cuir do thuairim in iúl leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Foghlaim tuilleadh inniu agus sínigh tograí a bhfuil tú ar a son. [cuir isteach hipearnasc, oiriúnaithe do do theanga féin] • Tiontaigh do smaointe ina ngníomhaíochtaí agus imir tionchar níos mó ar na beartais Eorpacha a dhéanann difear do do shaol! Foghlaim conas aird níos mó a tharraing ar chúis ar cás leat é leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. • Tá an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ina uirlis agat chun tionchar a imirt ar bheartais an Aontais. Faigh amach faoi conas tacú le tionscnamh ar cás leat é.
Tionscnaimh ar olscailt a shíniú	• Tá sé de chumhacht agat beartais an Aontais a mhúnlú! Faigh amach faoi na tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh atá ar oscailt chun sínithe a fháil agus sínigh na tionscnaimh a bhfuil tú ag teacht leo. [cuir isteach hipearnasc, oiriúnaithe do do theanga féin] • [xx] líon na dtionscnamh ó na saoránaigh a bhfuiltear ag iarraidh tacaíochta dóibh. Faigh amach fúthu chun féachaint cé na topaicí a bhfuil tú ag teacht leo agus sínigh. • Tá tionscnaimh Eorpach ó na saoránaigh ina dtograí ó shaoránaigh faoi rialacha nua de chuid an Aontais. Faigh amach faoi na tionscnaimh atá ar oscailt faoi láthair agus sínigh na cinn a bhfuil tú ar a shon. • Úsáid an ceart atá agat tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh a shíniú! Tá grúpaí eagraithe éagsúla ag iarraidh 1 mhilliún síniú a bhailiú sa chaoi gur féidir leo labhairt le déantóirí beartas de chuid an Aontais faoi na smaointe atá acu. Foghlaim faoi thionscnaimh atá ar bun agus roghnaigh na cinn is mian leat a shíniú trí shuíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh.
Tionscnamh nua cláraithe ó na saoránaigh	• Tá tionscnamh Eorpach nua ó na Saoránaigh cláraithe ag an gCoimisiún Eorpach. Foghlaim faoi chuspóirí na n-eagraithe: [cuir isteach hipearnasc]

	• Tá tionscnamh Eorpach nua ó na Saoránaigh cláraithe! Ón am seo, tá 6 mhí ag na heagraithe tosú ar bhailiú 1 mhilliún síniú ó 7 dtír den Aontas ar a laghad. Má bhaineann an tionscnamh an tairseach sin amach, scrúdóidh an Coimisiún na tograí agus beidh cruinniú aige le heagraithe an tionscnaimh sula gcinnfidh siad an ndéanfaidh siad beart. • An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh – cuir do thuairimí in iúl faoi chlár oibre beartas an Aontais. Tá tionscnamh Eorpach nua cláraithe. Faigh amach faoi thograí na n-eagraithe agus féach ar na tograí uile atá ar oscailt: [cuir isteach hipearnasc, oiriúnaithe do do theanga féin]
Lá na hEorpa	• An bhfuil a fhios agat conas a cheiliúrfaidh tú #EuropeDay ar an 9 Bealtaine? Cén fáth nach nglacfá páirt sa Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh? Do cheart mar shaoránach den Aontas Eorpach é! Sínigh tionscnaimh a bhfuil tú ar a son. [cuir isteach hipearnasc, oiriúnaithe do do theanga féin] • An raibh a fhios agat go raibh an ceart ag saoránaigh den Aontas tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh atá ar oscailt a shíniú? Glac páirt i múnlú na hEorpa ar mian leat cónaí inti ar an lá seo #EuropeDay.
Cuimhneamh i dtús na bliana scoile	• Tá tús na bliana scoile ag druidim linn! An bhfuil tú ag cuardach ábhar úr chun a úsáidte le do dhaltaí? Le bosca uirlisí oideachasúla an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh tugtar an t-eolas agus na scileanna do dhaltaí lena mbeidh siad in ann a bheith ina saoránaigh ghníomhacha rannpháirteacha de chuid an Aontais. Caith súil air! [oiriúnaigh nasc chuig do theanga féin: https://citizens-initiative.europa.eu/schools/eci-educational-toolkit_ga

Quizeanna

Quiz ar líne lenar féidir le saoránaigh níos mó eolais a fháil faoin Aontais. Tá rochtain air anseo; tá sé cheist ann agus tá sé ar fáil i ngach ceann de theangacha an Aontais.

Quiz grinn chun eolas a fháil faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a mbíonn na rannpháirtithe ann i láthair le chéile ag imeacht de chuid an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh. Tá seacht gcárta/gceist i gceist leis agus is féidir leis na himreoirí roth cinniúna a chasadh, uimhreacha a tharraingt as babhla… is fútsa roghanna a chruthú.

Cárta poist

Is féidir cárta poist dhá thaobh maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a íoslódáil; cliceáil anseot. Chomh maith leis sin is féidir leaganacha clóite a ordú i do theanga féin agus iad a chur ar taispeáint i d'ionad eolais nó i do spás poiblí. Is féidir dul i dteagmháil leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh chun cártaí poist clóite i do theanga féin.

Meirgí le haghaidh suíomhanna gréasáin

Tá trí thacar meirgí le haghaidh suíomhanna gréasáin ar fáin i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais agus is féidir méideanna éagsúla a íoslódáil. Is féidir leat an meirge a chur ar shuíomh gréasáin, nuachtlitir nó ríomhphost agus tú ag méadú feasacht faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.

(728x90)

(250x250)

(300x600)

Bileog eolais ghinearálta

Tá bileog eolais ghinearálta faoin Bileog eolais ghinearálta le fáil le hhíoslódáil. Tá aistriúchán de ann i ngach ceann de theangacha an Aontais agus is féidir leagan clóite de a fháil.

Treoir faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

Tá an treoir chuimsitheach seo faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh (leagan 2024) le fáil le híoslódáil i ngach ceann de theangacha an Aontais ó Oifig Foilseachán an Aontais.. Is féidir cóipeanna clóite den treoir a fháil chomh maith chun a ndáilte i spáis phoiblí d'eagraíochta nó ag imeachtaí ábhartha.



Do mhúinteoirí agus daoine óga: An bosca uirlisí 'An difear a dhéanann Daonlathas an Aontais'

Forbraíodh an bosca uirlisí oideachasúla 'An difear a dhéanann Daonlathas an Aontais - Cuir do thuairim in iúl leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh' chun an t-eolas agus na scileanna a thabhairt do dhaltaí i mblianta deiridh a gcúrsa meánscoile lenar féidir leo a bheith ina saoránaigh ghníomhach rannpháirteacha den Aontas, eolas praiticiúil faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh san áireamh. Tá ceithre aonad théamacha sna na huirlisí agus dírítear mar chuid de gach ceann acu ar théama ar leith. Bogann siad ó eolas ginearálta faoin Aontas Eorpach go dtí eolas sonrach agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh mar seo a leanas:

Is féidir na huirlisí a úsáid ar bhealach solúbtha mar chuid de cheachtanna saoránachta nó mar chuid de cheacht a bhaineann úsáid as cur chuige ábharbhunaithe. Ar na huirlisí tá pacáiste múinteora agus pacáiste dalta, cineálach éagsúla cur i láthair, físeáin agus quiz deiridh, agus tá siad le fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais. Chomh maith leis sin is féidir le heagraíochtaí do dhaoine óga iad a úsáid chun díospóireachtaí a spreagadh faoi shaoránacht an Aontais chomh maith. Tá an bosca uirlisí le fáil anseo.

Acmhainní eile

Acmhainní breise a mholaimid:

- Grafaic eolais Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh – sonraí atá sonrach ó thaobh tíre agus tionscnaimh de i ndáil le tionscnaimh ó na saoránaigh, le sínithe a bailíodh, leis na heagraithe, leis an airgead agus tuilleadh. Nuashonraithe roimh an samhradh. Baile | Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh (europa.eu)
- https://citizens-initiative-forum.europa.eu/_ga Blaganna agus Scéalta Ratha – chun tuairimí, comhairle agus ceachtanna bunfhoinse a fháil ó eagraithe tionscnaimh agus baill eile de líonra an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh.

Ar lorg peirspictíocht níos leithne? Sa tairseach ***Cloisimis Uait*** tá léargas ar na huirlisí éagsúla atá ar fáil do shaoránaigh an Aontais chun cur le beartais an Aontais.. I dteannta an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh, tá deiseanna a bhaineann le Comhairliúcháin Phoiblí agus Aiseolas ann, nó féadfaidh saoránaigh dul isteach i ndíospóireacht ar Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach: https://have-your-say.ec.europa.eu/index_ga

Tuilleadh eolais

Suíomh gréasáin	Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh (europa.eu)
Ar Facebook	Fan bord ar bord leis na nuashonruithe agus postáil na gníomhaíochta a bhfuil tú ina mbun agus atá nasctha leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh Grúpa Oifigiúil an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh
Nuachtlitir	Liostáil leis an nuachtlitir | Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh (europa.eu) (míosúil; Meaisínaistriúchán chuig teangacha oifigiúla an Aontais
Acmhainní d'eagraithe tionscnaimh	Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh (europa.eu)
Teagmhálaithe Áitiúla	Pointí Teagmhála Náisiúnta: Pointí teagmhála ar an leibhéal náisiúnta Ambasadóirí an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh: Ambasadóirí an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh (europa.eu) Lárionaid EUROPE DIRECT: An tAontas i mo timpeall
Ceisteanna	Chun ceist a chur nó ábhar clóite a iarraidh, téigh i dteagmháil le: SG-ECI-COMMUNICATION@ec.europa.eu

© An tAontas Eorpach, 2024 Tá an athúsáid údaraithe ar acht go n-aithneofar an fhoinse..
Is le Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39) a rialaítear an beartas athúsáide maidir le doiciméid an Choimisiúin Eorpaigh.

Uimhir chatalóige: KA-09-24-675-GA-N
ISBN: 978-92-68-20324-8
DOI: 10.2792/798